



## **AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS**

### **AN t-OCHTÚ CRUINIÚ IOMLÁNACH**

### **TEACH FARMLEIGH, BAILE ÁTHA CLIATH**

**6 IÚIL 2009**

### **DRÉACHT-CHOMHRÁITEAS**

1. Tionóladh an t-ochtú cruinniú iomlánach den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath ar an 6 Iúil 2009.
2. I gceannas ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann bhí an Taoiseach, Brian Cowen T.D. I gceannas ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann bhí an Céad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson MP MLA, agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness MP MLA. Tá liosta iomlán de bhaill an dá thoscaireacht faoi iamh mar larscríbhinn.
3. Bhí díospóireacht leathan ag na hAirí faoi na dúshláin eacnamaíocha atá amach rompu, chomh maith leis na bealaí ina bhfuil siad féin ag dul i ngleic leis an gcor chun donais agus an tionchar atá aige, go háirithe ó thaobh na hearnálacha baincéireachta sa dá dhlínse. Thug Rialtas na hÉireann breacchuntas ar an rún atá acu Gníomhaireacht um Bhainistiú Sócmhainní Náisiúnta a bhunú. Aontaíodh go dtionólfar cruinniú go luath idir an dá Aire Airgeadais chun na saincheistanna seo a phlé.
4. Nótáil an Chomhairle chomh luachmhar is a bheadh sé leanúint leis an gcomhoibriú praiticiúil agus comhthairbheach Thuaidh/Theas chun cuidiú leis an dá rialtas ina gcuid iarrachtaí forás agus fostaíocht a chur chun cinn.

## TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN NA CATT

5. Nótáil an Chomhairle tuarascáil ar phríomhfhorbairtí sa Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) trí na naoi gcruinniú CATT a tionóladh ón gCruinniú Iomlánach deireanach i mí Eanáir 2009 agus cuireadh fáilte roimh an dul chun cinn atá déanta, lena n-áirítear:

- an dlúth-chomhoibriú ar an ráig fliú A/H1N1 le déanaí;
- comhaontú ar chreatlach chun an dramháil, a dumpáladh go mídhleathach i dTuaisceart Éireann, a thógáil chun bealaigh;
- dul chun cinn ar an gcomhaitheantas do dhícháiliú tiománaithe a thabhairt isteach níos déanaí i mbliana agus forbairt ar chur chuige comhordaithe chun teorainneacha níos ísle alcóil san fhuil a thabhairt isteach;
- comhoibriú níos treise ar Chosaint Leanaí, lena n-áirítear sábháilteacht ar an idirlíon, forbairt prótacail do ghluaiseacht teaghlach agus leanaí leochaileacha trasna teorainneacha agus comhairle agus treoir faoi shocruithe cosanta do thuismitheoirí, do chúramóirí agus d'fhostóirí;
- dul chun cinn ar féinmharú a sheachaint, lena n-áirítear moltaí maidir le treoirlínte athbhreithnithe do na meáin, chun comhairle ar theicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear féinmharuithe a bhaineann leis an idirlíon, a chur san áireamh;
- forbairt ar dhréachtstraitéis uile-oileáin ar Leas agus Sláinte Ainmhithe chun saorghluaiseacht ainmhithe a éascú, lena n-áirítear pleananna d'ócáid trasteorann i bhFómhar 2009 chun príomhpháirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun soláthar na straitéise nua a phlé;
- comhchlár taighde, a choimisiúnaigh Gníomhaireacht na Loch, a bhí ar thús cadhnaíochta i bhforbairt tionscadail taighde uile-Eorpach ar úsáid teicnící géiniteacha chun bunús bradán a maraíodh san fharraige a fháil amach (SALSEA);
- comhoibriú leanúnach in oideachas ó thaobh modhanna cur chuige i dtaca le himeascadh daltaí nuíosacha i scoileanna;
- forbairt bhreise ar an láithreán gréasáin [www.borderpeople.info](http://www.borderpeople.info), eolas ar an gcostas a bhaineann le hidirbhearta trasteorann á fhoilsiú ag na príomhbhancanna agus dul chun cinn ar aistriú cearta pinsin ar bhonn trasteorann.

6. Freisin, phléigh an Chomhairle dul chun cinn maidir le neartúcháin éifeachtachta a bhaint amach i bPleananna Gnó na bhForas Thuaidh Theas agus Tourism Ireland agus nótaíl sí an gá atá ann le cinntí a fháil go luath ar an ábhar seo.

### **DUL CHUN CINN AR THIONSCADAIL BÓITHRE AN A5 AGUS AN A8**

7. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an dul chun cinn maith atá déanta ar thionscadail an A5 (Achadh na Cloiche go dtí an Iarthuaisceart) agus an A8 (Béal Feirste go Latharna) agus nótaíl sí go bhfuil garsprioc thábhachtach, deimhniú na mbealaí tosaíochta, le fógart go luath. Dá bhrí sin, d'aontaigh siad go ndéanfadh an tAire Iompair íocaíocht €9m le Ciste Comhdhlúite Thuaisceart Éireann roimh dheireadh 2009, de réir nós imeachta íocaíochta comhaontaithe. D'aontaigh an Chomhairle go mbreathnódh sí ar thuarascáil eile ar dhul chun cinn ag an gcéad chruinniú lomlánach eile den CATT.

### **ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHAONTÚ CHILL RÍBHINN**

8. Nótaíl an Chomhairle go bhfuil an Grúpa Athbhreithnithe ag leanúint lena mbreithniú ar thuarascáil na saineolaithe/gcomhairleoirí maidir le héifeachtacht agus luach ar airgead na bhForas reatha Forfheidhmithe agus Tourism Ireland Limited.
9. Dhearbhaigh an Chomhairle a rún chun an próiseas athbhreithnithe ar Chomhaontú Chill Ríbhinn a chur i gcrích roimh dheireadh 2009 agus d'ordaigh sí don Ghrúpa Athbhreithnithe dlús a chur lena chuid oibre ar gach gné den Athbhreithniú agus tuarascáil chríochnaitheach a chur ar fáil ag an gcéad Chruinniú lomlánach eile.
10. Dhearbhaigh an Chomhairle a rún, ar chur i gcrích an Athbhreithnithe, na moltaí a thagann as an bpróiseas Athbhreithnithe a chur ar aghaidh chuig na Ranna ábhartha Thuaidh agus Theas ionas go bhféadfaidh siad iad a mheas agus gníomhú orthu mar is cuí, gan ligean i ndearmad go mbeadh formhuiniú sonrath ón gComhthionól agus ón Oireachtas ag teastáil i gcomhair aon athruithe a bheadh le déanamh ar na socruithe atá ann cheana féin.

### **AN FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN THUaidh THEAS**

11. Nótaíl an Chomhairle athbhreithniú leanúnach Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ar an bFóram Saoránachta agus d'aontaigh sí críoch luath a chur leis na díospóireachtaí ar an bFóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas.

12. Mheabhraigh an Chomhairle gur chuir Rialtas na hÉireann moladh i dtaca le Fóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas faoi bhráid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, tar éis cur i gcrích a comhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta agus le grúpaí eile ón tsochaí shaoránachta in 2008.

### **AN FÓRAM PARLAIMINTE THUaidH THEAS**

13. Chuir an Chomhairle fáilte roimh bhunú dhá ghrúpa oibre de chuid an Oireachtais agus Chomhthionól Thuaisceart Éireann faoi seach, chun díospóireachtaí a chur chun cinn i dtaca le Fóram Parlaiminte Thuaidh Theas a bhunú. Nótáil an Chomhairle gur faoi Chomhthionól Thuaisceart Éireann agus faoin Oireachtas faoi seach atá sé teacht ar chomhaontú maidir le Fóram a bhunú. D'aontaigh an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ina leith seo ag an gcéad Chruinniú Iomlánach eile.

### **CRUINNITHE CATT AMACH ANSEO**

14. D'fhormhuinigh an Chomhairle sceideal do chruinnithe CATT a thionólfar sna míonna atá amach romhainn agus d'aontaigh sí go mbeadh an chéad chruinniú eile, i bhformáid Iomlánach, á thionól ag an bhFeidhmeannas i mí na Samhna/Nollag 2009.

**An Chomhrúnaíocht**  
**6 Iúil 2009**

## IARSCRÍBHINN A

### CRUINIÚ DE CHUID NA COMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS FARMLEIGH, BAILE ÁTHA CLIATH – 6 IÚIL 2009

<b>Rialtas na hÉireann</b>	<b>Feidhmeannas Thuaisceart Éireann</b>
Brian Ó Comhain TD Taoiseach	An Ró-Onórach Peter Robinson MP MLA An Céad-Aire
Máire Ní Chochlainn TD Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	Martin McGuinness MP MLA An LeasChéad-Aire
Brian Ó Luineacháin TD An tAire Airgeadais	Michelle Gildernew MP MLA An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe
Nollaig Ó Diomsaigh TD An tAire Iompair	Caitriona Ruane MLA An tAire Oiceachais
Micheál Ó Máirtín TD An tAire Gnóthaí Eachtracha	Conor Murphy MP MLA An tAire Forbartha Réigiúnach
Éamon Ó Cuív TD An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	Margaret Ritchie MLA An tAire Forbartha Sóisialta
Máire Ní Ainifín TD An tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	Robin Newton MLA Aire Sóisearach in OCALCA
Seán Ó Gormlaigh TD An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	Gerry Kelly MLA Aire Sóisearach in OCALCA
Éamon Ó Riain TD An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha	
Breandán Mac Gabhann TD An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	
Batt O’Keeffe TD An tAire Oideachais agus Eolaíochta	